



TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN DON BHLIAIN DAR CRÍOCH NOLLAIG 2015





Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
National Treasury Management Agency

✉ Meitheamh 2016

An tUasal Simon Coveney, TD
An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath

A Aire, a Chara,

I gceangal leis seo gheobhaidh tú Tuarascáil agus Cuntais an Chiste Carbóin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Mise le meas,

Willie Walsh,
Cathaoirleach



TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

CLÁR NA NÁBHAR

Achoimre	2
Cúlra	2
Cuid a hAon	3
Prótacal Kyoto	3
An tAontas Eorpach agus Prótacal Kyoto	3
Spriocanna Astaíochtaí na hÉireann	4
Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS)	4
Cuid a Dó	5
Infheistíochtaí ag Éirinn	5
Tréimhse Fíoraithe Suas agus Scoir na nAonad	6
I ndiaidh Kyoto: Spriocanna laghdaithe astaíochtaí i ndiaidh 2012	6
Cuid a Trí	7
Aguisín 1: Tíortha larscríbhinn B de Phrótacal Kyoto	7
Aguisín 2: Beartas Náisiúnta maidir le ceannach Aonaid Kyoto ag an Stát	8
Ráitis Airgeadais	11



TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Achoimre

Rinneadh socrú deiridh na n-oibleagáidí faoi thréimhse chomhlíontachta Phrótacal Kyoto 2008-2012 in 2015. Géilladh 3,052,416 aonad carbóin san iomlán ón gCiste Carbóin mar chuid de shocrú foriomlán na hÉireann.

Fuarthas 28,360 aonad sa Chiste Carbóin le linn 2015, a seachadadh ó thionscadail um infheistíocht charbóin. Aistríodh €422,750 (\$469,236) ón gCiste Carbóin go dtí an Ciste Bithcharbóin chomh maith faoina hoibleagáidí don Chiste sin. Ag deireadh na bliana bhí 5,329,964 aonad fágtha sa Chiste, agus tabharfar iad sin ar aghaidh go dtí an chéad tréimhse gealltanais eile.

Is í an tuarascáil seo an naoú tuarascáil don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin Acht um an gCiste Carbóin, agus cumhdaítear an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 inti.

Cúlra

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007. Bunaítear é chun creidmheasanna carbóin a cheannach, chun gníomhaíocht intíre um maolú a chomhlánú maidir le comhlíonadh na hÉireann dá hoibleagáidí maidir le Prótacal Kyoto.

Rinneadh bainistíocht an Chiste a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a ainmníodh mar an ngníomhaí ceannaigh chomh maith chun na creidmheasanna riachtanacha a cheannach. Déantar tagairt do chreidmheasanna carbóin sa reachtaíocht mar Aonaid Kyoto.

Measadh ar dtús go mbeadh ar an Rialtas creidmheasanna carbóin a cheannach chun 3.6 milliún tona measta d'astaíochtaí breise a chumhdach maidir le gach bliain den tréimhse 2008–2012. I ndiaidh an mhaolaithe thapa agus dhian sna dálaí eacnamaíocha agus an ráta níos ísle fáis i ngeilleagar na hÉireann thar an tréimhse sin, tháinig laghdú suntasach ar an ngá le creidmheasanna a cheannach. Mar thoradh air sin, tá na haonaid bhreise fós sa Chiste i ndiaidh na haonaid a ghéilladh don chéad tréimhse Kyoto. Tabharfar iad sin ar aghaidh go dtí an chéad tréimhse eile.



TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Prótacal Kyoto

Glacadh Prótacal Kyoto i 1997 ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide in Kyoto, an tSeapáin.

Bhí spriocanna éigeantacha sa Phrótacal maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do phríomhghéilleagair an domhain. Tugtar tíortha larscríbhinn B orthu sin, go príomha na tíortha móra tionsclaíocha agus roinnt blocthíortha de chuid an Iar-Aontais Shóivéadaigh.¹ Bhí na spriocanna ó laghduithe 8 faoin gcéad go dtí méaduithe 10 faoin gcéad ar leibhéal astaíochtaí 1990. Ba é an aidhm na hastaíochtaí foriomlána a laghdú 5 faoin gcéad faoi leibhéal 1990. Ba é 2008-2012 an tréimhse gealltanais maidir leis na laghduithe sin. Bhí sprioc cheangailteach ag an Aontas Eorpach le chéile maidir lena astaíochtaí carbóin a laghdú 8% faoina leibhéal in 1990.



An tAontas Eorpach agus Prótacal Kyoto

Bhí comhaontú comhroinnte dualgas inmheánach ag AE-15 lena sprioc um laghdú astaíochtaí a chomhlíonadh. Rinneadh spriocanna éagsúla a dháileadh ar a Bhallstáit. Tá na sonraithé liostaithe sa tábla:


Tír	Sprioc do 2008-2012 trí thagairt do leibhéal 1990
An Ostair	-13%
An Bheilg	-7.5%
An Danmhairg	-21%
An Fhionlainn	0%
An Fhrainc	0%
An Ghearmáin	-21%
An Ghréig	25%
Éire	13%
An Iodáil	-6.5%
Lucsamburg	-28%
An Ísiltír	-6%
An Phortaingéil	27%
An Spáinn	15%
An tSualainn	4%
An Ríocht Aontaithe	-12.5%
AE-15	-8%

¹ Is iad tíortha larscríbhinn B na tíortha sin atá liostaithe in larscríbhinn B de Phrótacal Kyoto agus tá 39 tír ann ag a bhfuil gealltanais chainníochtaithe maidir le hastaíochtaí a theorannú nó a laghdú. Mar sin féin, tá forluí éigin ann sa mhéid go bhfuil an tAontas Eorpach (AE-15) ina shíniitheoir é féin agus tá na 15 tír a bhí ina mBallstáit san AE ag an am, lena n-áirítear Éire, liostaithe chomh maith. (Féach Aguisín 1 chun sonraí níos mine a fháil).

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Spriocanna Astaíochtaí na hÉireann

Ba é sprioc fhoriomlán na hÉireann astaíochtaí nach mó ná 13 faoin gcéad os cionn leibhéil 1990 a bhaint amach. Ba ionann é sin agus sprioc iomlán don tréimhse agus 314.184 milliún tona de choibhéis CO₂². Tagraíodh don mhéid astaíochtaí a bhí cead ag tíortha a astú mar a méid sannta.



Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS)

Chinn AE-15 scéim “teorannaithe agus trádála” ar a chruthú le chéile ar fud an AE do mhóthruaillithe, mar chuid dá bheartas foriomlán aeráide. Tugadh Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS) air sin. Rinneadh astaíochtaí carbóin na ngléasraí ar fud an AE a rialú faoin scéim. Tugadh lamháltais sprice astaíochtaí dhíreacha do na gléasraí sin leo féin a bhainistiú. Ghlac os cionn 100 gléasra Éireannach páirt sa scéim.

Rinneadh lamháltais astaíochtaí a leithdháileadh ar na gléasraí díreach mar a leithdháileadh iad ar thíortha. Tháinig na leithdháiltí sin ón earnáil ETS amach as leithdháileadh foriomlán na tíre. In Éirinn, ba ionann an leithdháileadh sna hearnálacha ETS in 2008 – 2012 agus 111.41 Mt CO₂e don tréimhse³. Bhí cuideachtaí fós ina n-úinéirí ar a leithdháiltí. Sa chás gur astaigh siad níos lú ná a leithdháileadh féin, coinníodh barrachas ar bith mar a maoin féin agus d’fhéadfaí é a dhíol nó a choinneáil do thréimhse níos déanaí.

Cuireadh cuid den leithdháileadh de 111.41 Mt CO₂e ar na hearnálacha ETS ar leataobh dóibh siúd a chuaigh isteach sa tionscal sa tréimhse seo. Rinneadh é sin ionas nach gcuirfí faoi mhíbhuntáiste iomaíoch iad i leith iad siúd a bhí sa scéim cheana, ar leithdháileadh aonaid orthu. Thugtaí an Cúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua air. Sa mhéid nár úsáideadh lamháltais na n-iontrálaithe nua sin, cuireadh ar ais chuig an Stát iad. Mar an gcéanna, sa chás gur dúnadh gnóthas, cuireadh a lamháltais ar ais ar dtús chuig an gCúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua (CIN) agus chuig an Stát ar deireadh. Ag cur san áireamh an moilliú ar an ngeilleagar in Éirinn, níor úsáideadh na haonaid a cuireadh ar leataobh go hiomlán agus bhí siad ina gcuid d’fhoinsé bhreise d’aonaid charbóin a bhí ar fáil chun críche comhlíonta don Stát. Ba ionann é sin agus 6.56 Mt CO₂e ag deireadh thréimhse Kyoto.⁴

² Is é Dé-ocsaíd Charbóin (CO₂) an gás ceaptha teasa is coitianta agus úsáidtear tona CO₂ mar an aonad coitianta tomhais. Dá bhrí sin tá Aonaid Charbóin coibhéiseach le tona CO₂. Déantar astaíochtaí gáis ceaptha teasa eile a thomhas mar choibhéisí dí-ocsaíd charbóin (CO₂e).

³ Sa tréimhse i ndiaidh 2012, leithdháiltear lamháltais de réir earnála ar fud an EU ETS agus níl pleananna náisiúnta um leithdháileadh ar bith ann. Áiríodh aerlínte in EU ETS ón 1 Eanáir 2012.

⁴ Fonóta le tábla 1 http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG_1990-2012_April_2014.pdf.

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Infheistíocht ag Éirinn

Chun na ceanglais um astaíochtaí carbóin a chomhlíonadh, bhain straitéis na hÉireann le líon infheistíochtaí chun aonaid charbóin a sheachadadh. Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil infheistíochtaí i dtí chiste iltaobhacha. Déanann siad sin infheistíocht i dtionscadail chun laghdúithe ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach⁵.

Ba iad sin:

- Ciste Iltaobhach um Chreidmheasanna Carbóin (CICC)⁶ an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (EBAF).
- Ciste Carbóin an Bhainc Dhomhanda don Eoraip
- Ciste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda

Chomh maith leis na hinfeistíochtaí sin, tugadh sainordú do GBCN chun a aonaid charbóin a cheannach go díreach ón margadh. Rinneadh é sin chun na haonaid a fuarthas trí infheistíochtaí a chomhlánú agus chun na spriocanna um laghdúithe a bhaint amach. Measadh gur theastaigh 18 milliún tona san iomlán sa tréimhse.

Ar an iomlán cuireadh 21 trádáil i gcrích, inar cheannaigh Éire 5.255 milliún aonad. Ba ionann an meánphraghas agus €14.03 (gan CLB san áireamh). Cuireadh na trádálacha sin i gcrích le linn 2008 agus 2009.

I bhfianaise an mhoillithe ar gheilleagar na hÉireann agus an laghdaithe de dheasca sin ar astaíochtaí, laghdáíodh líon measta na n-aonad a theastaigh. Cuireadh an clár ceannaigh carbóin ar fionraí i Feabhra 2009, i ndiaidh cinnidh ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Cé nach ndearna GBCN níos mó trádálacha, chuidigh an Ghníomhaireacht leis an Roinn maidir le híocaíochtaí amuigh ar infheistíochtaí an Stáit i gcistí a phróiseáil. Rinneadh íocaíocht €422,750 (\$469,236) ón gCiste Carbóin isteach sa Chiste Bithcharbóin i mí Lúnasa 2015. Rinneadh é sin i ndiaidh ordú a rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Baineann sé sin le ceangaltas faoin gComhaontú Rannpháirtíochta idir Éire agus IBRD mar lontaobhaí an Chiste Bithcharbóin. Ba ionann infheistíocht na hÉireann sa chiste ansin agus €6.03 as ceangaltas \$10.08.



⁵ Rinneadh é sin roimh bhunú Chiste Carbóin na hÉireann leis an Acht um an gCiste Carbóin 2007. Riarann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil na hinfeistíochtaí.

⁶ Tá an Banc Eorpach Infheistíochta i bpáirtíocht le EBAF leis an CICC a bhainistiú; tá comhaontú na hÉireann le EBAF amháin.

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Tréimhse Fíoraithe Suas agus Scor na nAonad

Tá an chéad tréimhse gealltanais faoi Phrótacal Kyoto (2008-2012) tugtha chun críche anois. Ba ionann astaíochtaí iomlána na hÉireann thar an tréimhse agus 308.51 Mt CO₂e. Cé go bhfuil sé sin níos ísle ná an teorainn fhoriomlán 314.18 Mt CO₂e, tá an deighilt idir na hastaíochtaí ETS agus na hastaíochtaí neamh-ETS tábhachtach.

	Teorainneacha Kyoto (Mt CO ₂ e)	Astaíochtaí Fíoraithe (Mt CO ₂ e)
ETS	111.41	87.63
Neamh-ETS	202.77	220.88
Teorainn iomlán	314.18	308.51

Bhí na hastaíochtaí ón earnáil ETS cumhdaithe go hiomlán le lamháltais leithdháilte do thionscail, mar a léiríodh roimhe seo. Choinnigh na gléasraí na méideanna barrachais nó cuireadh ar ais chuig an Cúlchiste le haghaidh Iontrálaithe Nua iad. Níor rabhthas ábalta na haonaid bharrachais ón earnáil ETS úsáid go díreach chun easnamh san earnáil neamh-CTA a chumhdach.

Maidir leis an earnáil neamh-ETS as a raibh an Stát freagrach, ba ionann an teorann agus 202.77 Mt CO₂e, agus bhí na hastaíochtaí deiridh níos airde ag 220.88 Mt CO₂e. D'fhág sin bearna sa sprioc de 18.11 Mt CO₂e.

Fad go dtí an sprioc (an earnáil Neamh-ETS)	
	Mt CO ₂ e
Astaíochtaí Neamh-ETS	220.88
Teorainn Neamh-ETS	202.77
Dífríocht	18.11

Cuireadh na hidirbhearta cuntasíochta deiridh don chéad tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto (2008-2012) i gcrích in 2015. Rinneadh idirbhearta cuntasíochta chun aonaid de 220.88 Mt CO₂e san iomlán a scor. Ag eascirt ó bhreithniú ar na rialacha cuntasíochta éagsúla a bhí i bhfeidhm i gcás Phrótacal Kyoto agus an cinneadh Comhiarrachta lena n-áirítear rialacha maidir le tabhairt anonn agus úsáid cineálacha éagsúla aonaid⁷, d'ordaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil do GCC (le cuidiú ón nGníomhaireacht) 3,052,416 aonad (3.05 MT CO₂e) a scor ón gCiste Carbóin.⁸

Déanfar na haonaid eile sa Chiste Carbóin a thabhairt anonn go dtí an chéad tréimhse gealltanais eile.

I ndiaidh Kyoto: Spriocanna laghdaithe astaíochtaí i ndiaidh 2012

I mí na Nollag 2015 ghlac na Páirtithe sa Choinbhinsiún Comhaontú Pháras ina soláthraítear creat úr do gach Páirtí chun gníomh a dhéanamh ar an athrú aeráide trí astaíochtaí a laghdú. Chun an rannpháirtíocht a uasmhéadú, cinnfear na gealltanais ar bhonn náisiúnta, rud a thugann deis do gach tír a cúinsí náisiúnta féin a bhreithniú agus a cion uailmhianach féin don iarracht dhomhanda a chur chun cinn. I gComhaontú Pháras leagtar amach an creat foriomlán don phróiseas seo agus tá sé faoi cheangal dlí.

Roimh an gcomhaontú seo, d'aontaigh an Chomhairle Eorpach in 2014 creat leathan de spriocanna astaíochtaí don tréimhse ó 2021 go 2030. Is í an sprioc fhoriomlán laghdú 40% ar astaíochtaí i gcomparáid le 1990.

Déanfar sciar na hÉireann den sprioc sin a chaibidlíú ar leibhéal AE, agus cuirfidh an Coimisiún Eorpach togra foirmiúil síos a bhfuiltear ag súil leis i lár 2016. Cuireadh an comhaontú sin i bhfeidhm in 2020.

⁷ Rinneadh na cinní sin i ndiaidh comhairliúcháin le hoifigigh ó Gníomhaireachtaí agus Ranna geallsealbhoirí eile lena n-áirítear GCC, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

⁸ Chun sonraí iomlána a fháil maidir leis na haonaid a scoireadh agus an fíorú suas féach páipéar na Roinne Comhshaoil ag an nasc seo a leanas (http://www.environ.ie/sites/default/files/publications/files/final_decisions_re_kp_cp1.pdf)

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Aguisín 1: Tíortha larscríbhinn B de Phrótacal Kyoto

Gealltanais cainníochtaithe maidir le hastaíochtaí a thorannú nó maidir le hastaíochtaí a laghdú, léirithe mar chéatadán astaíochtaí sa bhunbhliain 1990

An tAontas Eorpach (AE-15)	92
An Astráil	108
An Bheilg+	92
An Bhulgáir*	92
Ceanada (neamhbhainteach)	94
Cónaidhm na Rúise*	100
An Chróit*	95
An Danmhairg+	92
An Eastóin*	92
An Eilvéis	92
Éire+	92
An Fhionlainn+	92
An Fhrainc+	92
An Ghearmáin+	92
An Ghréig+	92
An Iorua	101
An Iodáil+	92
An Íoslainn	110
An Ísiltír+	92
An Laitvia*	92
Lichtinstéin	92
An Liotuáin*	92
Monacó	92
Lucsamburg+	92
An Nua-Shéalainn	100
An Ostair+	92
Poblacht na Seice*	92
An Pholainn*	94
An Phortaingéil+	92
An Rómáin*	92
An Ríocht Aontaithe+	92
An Spáinn+	92
An tSeapáin	94
An tSlóvaic*	92
An tSlóivéin*	92
An tSualainn+	92
Stáit Aontaithe Mheiriceá (neamhbhainteach)	93
An Úcráin*	100
An Ungáir+	94

*Tíortha, i mbloc an Iar-Aontais Shóivéadaigh den chuid is mó, atá i mbun aistriú go dtí geilleagar margaidh faoi láthair.
+Féach leathanach 3 le haghaidh sonraí maidir leis an gcomhaontú comhroinnte dualgas ag na tíortha AE-15.



TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Aguisín 2: Beartas Náisiúnta le haghaidh cheannach an Stáit d'Aonaid Kyoto

Iarscríbhinn 3 den *Straitéis Náisiúnta don Athrú Aeráide 2007-2012*: Arna foilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Aibreán 2007)

Iarscríbhinn 3 – Beartas Náisiúnta maidir le ceannach Aonaid Kyoto ag an Stát

CREAT NÁISIÚNTA BEARTAIS MAIDIR LE CEANNACH AONAIK KYOTO AG AN STÁT CHUN PRÓTACAL KYOTO A CHOMHLÍONADH SA TRÉIMHSE GEALLTANAIS 2008-2012

Réamhrá

Leagtar amach sa doiciméad seo na socruithe institiúideacha agus an comhthéacs beartais ina gceannóidh Éire Aonaid Kyoto⁹ ar leor iad chun a sprioc um astaíochtaí gás ceaptha teasa a theorannú chun críche Phrótacal Kyoto sa tréimhse gealltanais 2008-2012.

Cúlra

Chun críche Phrótacal Kyoto, tá Éire tiomanta do mhéan-astaíochtaí gás ceaptha teasa bliantúla a theorannú sa tréimhse 2008-2012 go 13% os cionn leibhéil 1990.

Féadfaidh páirtithe i bPrótacal Kyoto a spriocanna aonair a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí intíre agus úsáid a bhaint as Sásraí Solúbtha dá ndéantar foráil sa Phrótacal. Ceanglaítear sa Phrótacal go mbeidh úsáid as Sásraí Solúbtha sa bhreis ar ghníomhaíochtaí intíre.

Soláthraítear an creat náisiúnta beartais sa *Straitéis Náisiúnta don Athrú Aeráid 2007-2012* chun plé a dhéanamh ar lagduithe gás ceaptha teasa agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh Éire a sprioc chun críche Phrótacal Kyoto.

Chinn an Rialtas go mbainfeadh sé úsáid as Sásraí Solúbtha Phrótacal Kyoto chun an 3.607 milliún aonad Kyoto a cheannach maidir le gach bliain den tréimhse 2008-2012. Déantar an ceanglas seo a athbhreithniú de réir mar is gá i bhfianaise tuartha amach anseo agus tionchar beart breise ar bith chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Sásraí Solúbtha Phrótacal Kyoto

Bhí tabhairt isteach trí Shásra Solúbtha chun na costais fhoriomlána a bhaineann le lagduithe astaíochtaí a bhaint amach do na Páirtithe sin ag a raibh spriocanna um astaíochtaí a laghdú nó a theorannú ina phríomh-chomhpháirt de Phrótacal Kyoto. Tá tuilleadh eolais ar na sásraí sin - Cur chun feidhme Comhpháirteach, an Sásra Glan Forbartha agus Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí - curtha ar fáil thíos. Leis na sásraí sin cuirtear ar chumas na bPáirtithe Aonaid Kyoto a cheannach ó Páirtithe eile nó infheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna cost-éifeachtúla chun astaíochtaí a laghdú nó ceapadh a mhéadú trí thionscadail i dtíortha eile. Cé go bhfuil an costas ar astaíochtaí a laghdú an-éagsúil idir tionscadail agus idir tíortha, beidh an éifeacht chéanna ann don atmaisféar má dhéantar astaíochtaí a theorannú mar an gcéanna beag beann ar cibé áit a dtarlaíonn an gníomhaíocht.

Le Cur chun feidhme Comhpháirteach (JI): dá bhforáiltear faoi Airteagal 6 den Phrótacal, cuirtear ar chumas na bPáirtithe ag a bhfuil gealltanais um laghdú nó infheisteoirí príobháideacha tionscadail a chur chun feidhme lena laghdaítear astaíochtaí i bPáirtithe eile ag a bhfuil gealltanais um laghdú, mar mhalairt ar chreidmheasanna. Is féidir leis an bPáirtí infheistiúcháin nó eintiteas príobháideach na creidmheasanna a ghintear ag baint úsáid as sásra JI (go háirithe laistigh den Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochta) a úsáid chun críche comhlíonta. Aonad Laghdaithe Astaíochtaí (ERU) is ea an t-aonad intrádála faoin sásra JI.

Leis an Sásra Glan Forbartha (CDM): dá ndéantar foráil faoi Airteagal 12 den Phrótacal, cuirtear ar chumas na bPáirtithe ag a bhfuil spriocanna chun páirt a ghlacadh i dtionscadail lena laghdaítear astaíochtaí nó chun cur le ceapadh sna Páirtithe sin nach bhfuil spriocanna acu faoin bPrótacal. Dirítear an sásra go príomha ar thíortha i mbéal forbartha agus tá sé beartaithe leis cuidiú leo le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach trí, mar shampla, rochtain ar theicneolaíochtaí níos glaine agus níos tíosaí ar fhuinneamh. Is féidir leis an bPáirtí infheistiúcháin nó eintiteas príobháideach na creidmheasanna a ghintear ag baint úsáid as an sásra CDM chun críche comhlíonta. Laghdú Astaíochtaí Deimhnithe (CER) is ea an t-aonad intrádála faoin sásra CDM.

⁹ Creidmheas nó lamháltas, coibhéiseach le tona méadrach amháin de dhí-ocsaíd charbóin, arna eisiúint de bhun Phrótacal Kyoto, agus na cinntí arna nglacadh de bhun Chreat-Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide agus de bhun an Phrótacail. Tá creidmheas coibhéiseach le tona amháin dí-ocsaíd charbóin a bhfuarthas réidh leis cheana. Is ionann lamháltas agus an ceart coibhéis tona amháin dí-ocsaíd charbóin a astú am éigin sa todhchaí.



TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Le Trádáil Astaíochtaí Idirnáisiúnta: dá bhforáiltear faoi Airteagal 17 de Phrótacal Kyoto,¹⁰ cuirtear ar chumas na bPáirtithe ag a bhfuil sprioc um astaíochtaí gás ceaptha teasa a theorannú nó a laghdú faoin bPrótacal a cheannach ó na Páirtithe siúd a laghdaigh a n-astaíochtaí thar a sprioc faoin bPrótacal. Aonad den Mhéid Sannta (AUU) is ea an t-aonad intrádála faoi thrádáil astaíochtaí.

Pointe Fócasach Náisiúnta don JI agus Údarás Náisiúnta don CDM Ceangal atá ar na Páirtithe i bPrótacal Kyoto is ea Pointe Fócasach agus Údarás Náisiúnta a ainmniú chun críche na sásraí JI agus CDM faoi seach. Faoi Rialacháin Phrótacal Kyoto (Sásraí Solúbtha) 2006 (I.R. 244 of 2006), d'ainmnigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar an bpointe fócasach agus an Údarás Náisiúnta in Éirinn. Is é an ról a bheidh ag an nGníomhaireacht rannpháirtíocht eintiteas príobháideach nó poiblí i ngníomhaíochtaí tionscadail JI nó CDM a fhaomhadh. Foilseoidh an Gníomhaireacht treoirlínte ina leagfar amach a nósanna imeachta um fhaomhadh do rannpháirtíocht eintiteas Éireannach i dtionscadail JI nó CDM. Beidh na cinntí a dhéanfaidh an Gníomhaireacht ar thograí aonair chun páirt a ghlacadh i dtionscadail JI nó CDM críochnaitheach. Ní mór faomhadh do thionscadail a lorg chomh maith sa tír áíochta bheartaithe.

Bunú clárlainne faoi Phrótacal Kyoto

De réir cinntí arna nglacadh ag Páirtithe i bPrótacal Kyoto, déanfar foráil i Rialachán 2006 (I.R. 244 de 2006) i leith clárlann náisiúnta a bhunú agus i leith ainmniú na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil mar riarthóir na clárlainne náisiúnta. Is é feidhm na clárlainne náisiúnta cuntasafocht bheacht maidir le heisiúint, seilbh, aistriú, ceannach, cur ar ceal agus scor Aonaid Kyoto a chinntiú.



Gníomhaí Ceannaigh Náisiúnta

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an gníomhaí ceannaigh ainmnithe don Stát agus déanfaidh sí ceannach Aonaid Kyoto a riar agus a bhainistiú thar ceann an Rialtais. Bunaíodh Ciste Carbóin tiomanta chun na críche sin.

Bunaítear ról na Gníomhaireachta mar ghníomhaí ceannaigh ar bhonn reachtúil faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007. Déantar foráil san Acht don ghníomhaí ceannaigh leis na feidhmeanna uile a bhaineann le bainistíocht an Chiste Carbóin a fheidhmiú, lena n-áirítear cuntasafocht chuí le haghaidh caiteachais ag tabhairt aird ar nósanna imeachta airgeadais phoiblí, faoi réir treoirlínte/agus nó treoir ón Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

Maoiniú maidir le hAonaid Kyoto a cheannach

Soláthrófar maoiniú chun Aonaid Kyoto a cheannach ón gCiste Lárnach go dtí an Ciste Carbóin, atá bunaithe faoi Acht 2007 chomh maith. Le linn phróiseas na meastachán bliantúil, déanfar soláthar do Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil leis an gCiste Lárnach a íoc ar ais.

Shainigh an Rialtas €270 milliún d'infheistíocht sna Sásraí Solúbtha faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Tá sé sin de bhreis ar infheistíocht tosaigh de €20 milliún in 2006.

¹⁰ Tá astaíochtaí a thrádáiltear faoi Airteagal 17 de Phrótacal Kyoto ar leith ón Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochta. Féadfaidh oibreoirí sa Scéim AE, áfach, leas a bhaint as creidmheasanna ón sásra JI nó ón sásra CDM chun cloí lena hoibleagáidí suas go dtí céatadán dá leithdháileadh, atá le sonrú sa Plean Náisiúnta Leithdháilte don Bhallstát lena mbaineann.

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015



Creat maidir le hAonaid Kyoto a cheannach

Ceannóidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Aonaid Kyoto thar ceann an Rialtais. Déanfar na ceannacháin uile de réir na gcuspóirí seo a leanas:

- go gcuireann siad le cuspóir deiridh Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide, i.e. cobhsú tiucháin gás ceaptha teasa san atmaisféar ar leibhéal a chuirfear cosc ar thrasnaíocht antrapaigíneach contúirteach ar an gcóras aeráide;
- tá an riosca sin íoslaghdaithe, go háirithe i dtaca le seachadadh tráthúil na gcreidmheasanna; agus
- gur luach maith ar airgead iad.

Is féidir le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta na sásraí seo a leanas a úsáid chun Aonaid Kyoto a cheannach.

- ceannach díreach d'Aonaid Kyoto ó Pháirtithe larscríbhinn B Phrótacal Kyoto eile;
- infheistíocht dhíreach i ngníomhaíochtaí thionscadail an tsásra cur chun feidhme chomhpháirtigh agus an tsásra ghlain forbartha;
- infheistíocht i gcistí bainistithe; agus

- ceannacháin margaidh dhírih Aonaid Kyoto;

nó teaghlaim de chuid dóibh sin nó dóibh uile, faoi réir an méid seo a leanas a chinntiú de réir cinní arna nglacadh ag na Páirtithe i bPrótacal Kyoto:

- is féidir Aonaid bharrachais Kyoto arna seilbh ag an Stát ag deireadh na tréimhse gealltanais 2008-2012 a chur sa bhanc agus a iad a úsáid i dtréimhse gealltanais Phrótacal Kyoto ina dhiaidh sin nó i gconradh ar bith ina dhiaidh sin; agus
- Ní úsáideann Éire aonaid laghdaithe astaíochtaí nó laghduithe astaíochtaí deimhnithe a ghintear ó shaoráidí núicléacha, chun a gealltanais i bPrótacal Kyoto a chomhlíonadh.

Féadfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, ag cur san áireamh na cuspóirí atá leagtha amach thuas, dul isteach i gcomhaontuithe déthaobhacha chun Aonaid Kyoto a cheannach de bhun Airteagal 17 den Phrótacal. Féadfaidh an tAire treoir a thabhairt do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun Aonaid Kyoto a cheannach a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ar bhonn comhaontuithe dá leithéid. Faoi réir treoir eile ón Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, féadfaidh an Ghníomhaireacht Aonaid Kyoto a dhíol más gá chun a chinntiú go gcomhlíonfar na cinní arna nglacadh de bhun Phrótacal Kyoto maidir le cuntasáíocht na méideanna sannta faoi Airteagal 7, mír 4 den Phrótacal.

Déanfar gach Aonaid Kyoto a cheannóidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a chlárú sa chlárann náisiúnta arna bainistiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cuntas i leith Aonaid Kyoto a chuirfear isteach sa chlárann náisiúnta lena chinntiú go gcomhlíonfar gealltanais na hÉireann chun críche Phrótacal Kyoto.

Is ionann an creat beartais seo agus an ordú tosaigh ón Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Aibreán 2007

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Clár na nÁbhar

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Gníomhaireachta	12
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	13
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	15
Cuntas an Chiste	16
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	17
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	18



TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Gníomhaireachta

Ceanglaítear ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an “Gníomhaireacht”) leis an Acht um an gCiste Carbóin 2007 ráitis airgeadais a ullmhú i dtaca le hoibríochtaí an Chiste Carbóin do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, déanann an Gníomhaireacht:

- beartais chunstaíochta cuí a roghnú agus iad a cur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí é sin a dhéanamh;
- imeacht ábhartha ar bith ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as na cuntais go léir is cuí agus is gnách i dtaca le feidhmíocht a feidhmeanna a tarmligeadh di nó a tugadh di faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007 a choinneáil i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aon uair a iarrfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil amhlaidh a dhéanamh, tabharfaidh an Gníomhaireacht ráitis airgeadais agus faisnéis dá leithéid i dtaca le ráitis airgeadais dá leithéid dó de réir mar a shonródh.

Tá an Gníomhaireacht freagrach chomh maith as na sócmhainní atá faoina rialú a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Willie Walsh, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an “Gníomhaireacht”) bainisteoir an Chiste Carbón (the “an Ciste”). Cuireann an Gníomhaireacht na córais um rialú inmheánach airgeadais don Chiste i bhfeidhm.

Admhaíonn an Gníomhaireacht an fhreagracht atá uirthi as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil i dtaca le feidhmiú an Chiste.

Ní féidir le córais na Gníomhaireachta ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar mhodh tráthúil.

Príomhnósanna imeachta

Tá bearta déanta ag an nGníomhaireacht chun timpeallacht rialaithe chuí a choinneáil trí:

- struchtúir rialachais chuí a bhunú ina mbeidh freagrachtaí bainistíochta a bheidh sainithe go soiléir; agus
- nósanna imeachta a bhunú chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú.

Bhunaigh an Gníomhaireacht próisis chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú trí:

- cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá le sárú ag an eagraíocht a shainaithint;
- measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlódh na rioscaí a shainaithnítear;
- measúnú a dhéanamh ar chumas a heagraíochta na riosca a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialuithe faoi leithe a oibriú i gcomparáid leis an tairbhe a fhaightear.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat faisnéis bainistíochta rialta agus nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmilgthe agus cuntasachta. Áirítear air go sonrach:

- córas cuimsitheach buiséadaithe lena bhfuil buiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna fhaomhadh ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag an Aire Airgeadais;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlínte um rialú infheistíochtaí caipitil atá sainithe go soiléir;

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

- smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail;
- glacadh beartas Frithchaloise agus an Tuairiscithe ar 'Éagóiritheoireacht' agus an Bheartais um Nochtadh Cosanta (ar a thugtaí an Beartas Tuairiscithe um Meon Macánta roimhe seo).

Tá Coiste Iniúcháireachta ag an nGníomhaireacht a fheidhmíonn de réir na bprionsabal sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Déanann an Coiste Iniúcháireachta maoirseacht ar fheidhm iniúchta inmheánaigh na Gníomhaireachta. Cuirtear bonn eolais faoi obair an iniúchta inmheánaigh le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Gníomhaireachta, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Comhaontaítear na pleananna iniúcháireachta inmheánaí atá bunaithe ar riosca leis an bPríomhfheidhmeannach agus le lucht bainistíochta na Gníomhaireachta agus faomhann Coiste Iniúcháireachta na Gníomhaireachta iad. Ar bhonn rialta, soláthraíonn an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí tuarascálacha maidir leis an ngníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí do lucht bainistíochta na Gníomhaireachta agus do Choiste Iniúcháireachta na Gníomhaireachta. Tugtar breac-chuntas sna tuarascálacha sin maidir le torthaí nó moltaí ar bith i dtaca le rialuithe inmheánacha ar a ndearnadh athbhreithniú. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne na moltaí agus déantar é a thuairisciú don Choiste Iniúcháireachta.

Tá Cód Cleachtais ag an nGníomhaireacht maidir le Rúndacht agus Iompar Gairmiúil ina leagtar amach na caighdeáin chomhaontaithe um prionsabail agus um chleachtas i ndáil le rúndacht, coinbhleachtaí leasa, déileáil chos istigh, ionramháil margaidh agus idirbhearta cuntas pearsanta.

Tá creat cuí curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht lena chinntiú go gcloíonn sí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Mar chuid den chreat seo, tá córais agus rialuithe curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun rochtain ar na sonraí rúnda a shrianadh. Faoi gcreat, sa chás go dtagann an Gníomhaireacht ar sháruithe nó ar sháruithe líomhnaithe ar shonraí rúnda, déantar imscrúdú iomlán orthu sin agus más gá déantar iad a thuairisciú do na húdaráis chuí.

Cuireann an lucht bainistíochta laistigh den Gníomhaireacht a bhfuil an fhreagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais, na torthaí ó obair na feidhme iniúcháireachta inmheánaí agus tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhainisteora ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaímid go ndearna comhaltaí na Gníomhaireacht, agus comhairle glactha acu ó Choiste Iniúcháireachta na Gníomhaireachta, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Thar ceann chomhaltaí na Gníomhaireachta



Willie Walsh,
Cathaoirleach Iniúcháireachta
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Martin Murphy,
Cathaoirleach, an Coiste Iniúcháireachta
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ciste Carbóin

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Carbóin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007. Cuimsítear sna ráitis airgeadais cuntas an chiste, ráiteas maidir leis an staid airgeadais agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 5 den Acht um an gCiste Carbóin 2007.

Freagrachtaí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormaid shainithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é m'fhreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar chomhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Éire agus an Ríocht Aontaithe) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Chiste, agus ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh nó nár nochtadh go hiomchuí iad
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim chomh maith le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léim an tuarascáil bhliantúil maidir leis an gCiste chun a fháil amach an bhfuil neamhréireachtaí ábhartha ar bith ann leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun a fháil amach an bhfuil faisnéis ar bith ann atá mícheart nó neamh-comhsheasmhach go hábhartha de réir cosúlachta bunaithe ar an eolas a fhaighim agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam. Má thagaim ar mhír áitis nó ar neamhréireachtaí ábhartha follasacha ar bith, breathnaím ar na himpleachtaí maidir le mo thuairisc.

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Is í mo thuairim, go léirítear go cuí sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir an Acha um an gCiste Carbóin 2007, staid ghnóthaí an Chiste amhail an 31 Nollaig 2015 agus a idirbhearta do 2015.

Is í mo thuairim, go raibh taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta i dtaca leis an gCiste dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais. Tagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Cúrsaí ar a ndéanaim tuairisc trí eisceacht

Déanaim tuairisc trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim d'iniúchadh nó má fhaighim go bhfuil

- cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil bhliantúil an Chiste comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- nach dtagann an ráiteas um rialú inmheánach airgeadais le comhlíonadh na Gníomhaireachta maidir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin ar a ndéantar tuairisciú trí eisceacht

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
26 Bealtaine 2016


TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Cuntas An Chiste

		An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2015	An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2014
	Nóta	€	€
Ioncam	4	422,750	-
Géilleadh sócmhainní	5	(9,392,193)	-
Gluaiseacht sa Chiste le linn na bliana		(8,969,443)	-
Glansócmhainní an Chiste ag tús na bliana		99,284,138	99,284,138
Glansócmhainní an Chiste ag deireadh na bliana		90,314,695	99,284,138

Tá na nótaí gaolmhara ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Willie Walsh, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

		Mar Ag 31 Nollaig 2015	Mar Ag 31 Nollaig 2014
	Nóta	€	€
Sócmhainní an Chiste Carbóin	7	90,314,695	99,284,138
Earraí Infhaigthe	9	422,750	-
Dlíteanais Eile	10	(422,750)	-
Glansócmhainní an Chiste		90,314,695	99,284,138

Tá na nótaí gaolmhara ina gcuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Willie Walsh, Cathaoirleach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

24 Bealtaine 2016

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Cúlra

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007 chun Aonaid Kyoto¹ agus ionstraimí agus sócmhainní ar bith eile dá leithéid a cheannach thar ceann an Stáit chun oibleagáidí idirnáisiúnta um athrú aeráide faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide agus faoi Phrótacal Kyoto leis an gCoinbhinsiún sin a chomhlíonadh. Ainmníodh an Ghníomhaireacht mar an ngníomhaí ceannaigh thar ceann an Stáit agus riarann agus bainistíonn sí ceannacháin Aonaid Kyoto.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht na sásraí seo a leanas chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- ceannach díreach Aonaid Kyoto ó pháirtithe eile i bPrótacal Kyoto
- infheistíocht dhíreach i dtionscadail an tSásra cur chun Feidhme Chomhpháirtigh agus an tSásra Ghlain Forbartha
- infheistíocht i gcistí bainistithe
- ceannacháin margaidh dhíreach Aonaid Kyoto
- nó teaghlaim de chuid dóibh sin nó dóibh uile.

2. Bunús an Ullmhaithe

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú de réir alt 5(1) den Acht um an gCiste Carbóin 2007 i bhformáid a d'fhaomh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is í an tréimhse tuairiscithe an 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015. Is í an tréimhse inchomparáide do 2014 an 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014.

Is an euro an t-airgeadra tuairiscithe atá curtha in iúl leis an tsiombail €. Sa chás go n-úsáidtear é, cuireann €m milliún in iúl.

3. Beartais Chuntasaíochta

3.1 Sócmhainní an Chiste Carbóin

Léiríonn sócmhainní an Chiste Carbóin infheistíochtaí iontu seo a leanas:

Sealúchais Dhíreacha

Déantar na hAonaid Kyoto a cheannaítear a thaifeadh nuair a sheachadtar iad ar chostais an cheannacháin. Áirítear ar chostas an cheannacháin Cáin Bhreisluacha a íocadh agus atá infoctha i dtaca leis ceannach na hAonaid Kyoto.

Aonaid Kyoto Neamhdhíreacha

Déantar infheistíochtaí in aonaid neamhdhíreacha i gcistí bainistithe. Déantar na hinfeistíochtaí sna cistí sin a thaifeadh ag costas na hinfeistíochta. Baineann infheistíochtaí mar sin le tionscadail um laghdú carbóin a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh Aonaid Kyoto a tháirgeadh. Ní bheidh fios cá mhéad aonaid ar fad a bheidh ann go dtí dáta amach anseo nuair a bheidh na tionscadail curtha i gcrích.

¹ Sainítear Aonaid Kyoto san Acht um an gCiste Carbóin 2007 "aonad atá coibhéiseach le tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin arna eisiúint de bhun Phrótacal Kyoto agus na gcinntí arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin agus Phrótacal Kyoto". Tugtar creidmheasanna carbóin ar Aonaid Kyoto go ginearálta. Déantar foráil sa reachtaíocht le haghaidh Aonaid Kyoto a dhiúscairt faoi choinníollacha an-sonracha i.e. "le toiliú an Aire (Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil) agus an Aire Airgeadais agus ar cibé téarmaí a shonróidh siad".

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3.1 Sócmhainní an Chiste Carbóin (ar lean)

D'infheistigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil €20 milliún in 2006 sa Chiste Itaobhach um Chreidhmeasanna Carbóin arna bhunú ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Níl an infheistíocht sin ina cuid den Chiste ach tá na haonaid a tháirgtear leis na tionscadail a rinneadh san áireamh anseo istigh faoi mar a mhínítear i Nóta 7(d).

3.2 Gnóthachain agus Caillteanais ar Shócmhainní an Chiste Carbóin

Ceannaítear na hAonaid Kyoto agus é beartaithe oibleagáid na hÉireann a chomhlíonadh faoi Phrótacal Kyoto sa tréimhse gealltanais 2008 go 2012. Cuireadh na hidirbhearta cuntasáíochta deiridh don chéad tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto (2008-2012) i gcrích in 2015. Faoi choinníollacha áirithe, tabharfar na creidhmeasanna nár úsáideadh anonn chun gealltanais 2020 na hÉireann a chomhlíonadh. Ní eascródh gnóthachain nó caillteanais réadaithe ar bith mar thoradh ar ghéilleadh na sócmhainní dá dtagraítear i Nóta 5.

3.3 Cuntas an Chiste

Taifeadtar an t-ioncam carntha a fuarthas nó atá le fáil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gCuntas an Chiste. Déantar infheistíochtaí a mhaoiniú ar dtús trí réamhíocaíochtaí inaisíochta ón gCiste Lárnach faoi alt 3 den Acht um an gCiste Carbóin 2007 ar feitheamh an t-ioncam sin a fháil.

3.4 Airgeadraí Coigríche

Déantar na hidirbhearta ar fad in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte a bhí i réim ar dháta na n-idirbheart sin. Déantar gealltanais neamhchistithe le hinfeistíochtaí neamh-euro a aistriú go euro ag baint leas as na rátaí malairte coigríche a bhí i réim ag dáta dheireadh na bliana.

3.5 Cánachas

Tá ioncam agus brabúis an Chiste Carbóin díolmhaithe ó cháin chorparáide na hÉireann. Tá ceannach Aonaid Kyoto ag an gCiste Carbóin faoi dhliteanas Cáin Bhreisluacha agus dá bhrí sin breathnaítear ar idirbhearta mar sholáthar seirbhíse arna shainiú in Alt 5(1) den Acht Cánach Breisluacha 1972. Áirítear CBL a thabhaítear i gcostas ceannaigh shócmhainní an Chiste Carbóin.

3.6 Géilleadh Sócmhainní

Déantar sealúchais dhíreacha Aonaid Kyoto a ghéilleadh ag meánchostas na sealúchas díreach ar dháta an ghéillte.

Déantar sealúchais dhíreacha Aonaid Kyoto a ghéilleadh ag meánchostas na hinfeistíochta sa chiste bainistithe ábhartha ar dháta an ghéillte.

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. Ioncam

	Mar Ag 31 Nollaig 2015	Mar Ag 31 Nollaig 2014
	€	€
Ioncam ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	422,750	-

Le linn 2015, bhí glao ar fócaíochtaí faoin gCiste Bhithcharbóin arbh fhiú €422,750 iad.

Faigheann an Ciste Carbóin ioncam i bhfoirm aisíocaíochtaí ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun íoc as an gcaiteachas a thabhaítear le linn na bliana.

5. Géilleadh Sócmhainní

Sealbhaítear na haonaid atá sealbhaithe sa Chiste Carbóin ag praghsanna stairiúla toisc nach sealbhaítear na haonaid sin chun críche trádála ach ní mór iad a chur isteach mar chuid de Ghéilliúlacht na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir leis seo (amhail an Cinneadh Comhiarrachta (Cinneadh 406/2009/CE). Cuireadh na hidirbhearta cuntasáíochta deiridh don chéad tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto (2008-2012) i gcrích in 2015, tréimhse inar géilleadh 3,052,416 aonad ón gCiste. Bhí gá leis an ngéilleadh sin d'aonaid chun oibleagáidí na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh. Faoi réir coinníollacha áirithe, déanfar na haonaid eile sa Chiste a thabhairt anonn go dtí an chéad tréimhse gealltanais eile.

6. Costais Oibriúcháin

Gearrtar costais oibriúcháin an Chiste Carbóin ar Chuntas Riaracháin na Gnómhachta agus íoctar amach as an gCiste Lárnach iad.

7. Sócmhainní an Chiste Carbóin

(a) Achoimre ar na Sócmhainní

	2015 €	2014 €
Sealúchais Dhíreacha	89,573,025	89,573,025
Sealúchais Neamhdhíreacha	741,670	9,711,113
	90,314,695	99,284,138

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7. Sócmhainní an Chiste Carbóin (ar lean)

	2015 €	2014 €
(b) Anailís de réir Airgeadra an Cheannaigh		
Euro	90,314,695	93,673,025
Dollar SAM	-	5,611,113
	<u>90,314,695</u>	<u>99,284,138</u>
(c) Sealúchais Neamhdhíreacha:		
An Banc Domhanda – Ciste Carbóin don Eoraip	741,670	4,100,000
An Banc Domhanda – An Ciste Bithcharbóin	-	5,611,113
	<u>741,670</u>	<u>9,711,113</u>
(d) Creidmheasanna arna Seachadadh agus arna Sealbhú:		
Líon na gcreidmheasanna carbóin arna seachadadh agus arna sealbhú le Clárlann Aontais an Choimisiúin Eorpaigh amhail an 31 Nollaig:		
Ceannaithe go Díreach	5,255,000	5,255,000
Faighte trí Shealúchais Neamhdhíreacha	74,964	3,099,020
	<u>5,329,964</u>	<u>8,354,020</u>

Le linn na bliana géilleadh 3,052,416 (2014: Nialas) aonad agus fuarthas 28,360 (2014: 142,192) aonad sa Chiste. Baineann 30,795 (2014: 1,661,230) aonad de na 5,329,964 (2014: 8,354,020) aonad arna sealbhú an 31 Nollaig 2015 le creidmheasanna a fuarthas trí infheistíochtaí a rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil sular bunaíodh an Ciste Carbóin roimh bhunú an Chiste Carbóin.

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

8. Ceangaltais

Infheistíochtaí an Chiste Carbóin

Riarann an Ghníomhaireacht íocaíochtaí thar ceann an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dtaca leis an dá chiste de chuid an Bhainc Dhomhanda. Baineann infheistíochtaí sna cistí sin leis na tionscadail as a bhféadfadh Aonaid Kyoto teacht ach ní bheidh fios cá mhéad aonaid ar fad a bheidh ann go dtí dáta amach anseo nuair a bheidh na tionscadail curtha i gcrích.

Amhail an 31 Nollaig 2015, ba ionann na ceangaltais neamhghlaoite maidir leis na hinfheistíochtaí sin agus:

	Ceangaltas iomlán an Stáit Airgeadra Áitiúil	Coibhéis Euro	Íoctha go dtí seo	Ceangaltas Neamhchistithe
Ciste an Bhainc Dhomhanda		€	€	€
Ciste Carbóin don Eoraip	€4.26m	4,263,000	4,100,000	163,000
An Ciste Bithcharbóin	US\$10.08m	7,734,669	6,033,863	1,700,806
		11,997,669	10,133,863	1,863,806

Amhail an 31 Nollaig 2014, ba ionann na ceangaltais neamhghlaoite maidir leis na hinfheistíochtaí sin agus:

	Ceangaltas iomlán an Stáit Airgeadra Áitiúil	Coibhéis Euro	Íoctha go dtí seo	Ceangaltas Neamhchistithe
Ciste an Bhainc Dhomhanda				
Ciste Carbóin don Eoraip	€4.26m	4,263,000	4,100,000	163,000
An Ciste Bithcharbóin	US\$10.08m	7,522,737	5,611,113	1,911,624
		11,785,737	9,711,113	2,074,624

Le linn 2015, bhí glao ar íocaíochtaí faoin gCiste Bhithcharbóin arbh fhiú €422,750 iad. Ní raibh glao ar bith ar chistí faoin gCiste Carbóin don Eoraip.

9. Earraí Infhaigthe

	2015 €	2014 €
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	422,750	-

Tá an méid atá le híoc ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leis an gCiste Carbóin dlite faoi Alt 3 §(4) den Acht um an gCiste Carbóin 2007.

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN 2015

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

10. Dliteanais Eile

	2015	2014
	€	€
An Ciste Lárnach	422,750	-

Baineann an dliteanais maidir leis an gCiste Lárnach le réamhíocaíochtaí a rinneadh as an gCiste Lárnach go dtí an gCiste Carbóin, agus aisíocfar é sa Chiste Lárnach nuair a gheofar cistí don Chiste Carbóin ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

11. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh dliteanais theagmhasacha ar bith sa Chiste Carbóin amhail an 31 Nollaig 2015.

12. Páirtithe Gaolmhara

(a) An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Faoi Alt 3 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe airgead a réamhíoc sa Chiste Carbóin ón gCiste Lárnach, a aisíocfar ón gCiste Carbóin ó airgead a chuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar fáil. Ní ndearnadh réamhíocaíochtaí ar bith sa Chiste in 2014. Féach nóta 10 maidir leis na réamhíocaíochtaí a rinneadh in 2015.

(b) An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Faoi Alt 2(3) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, déanann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ciste Carbóin a bhainistiú agus rialú.

(c) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi Alt 2(4) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, tá bainistíocht an Chiste Carbóin tarmligthe don Gníomhaireacht. Féach nóta 5 le haghaidh sonraí maidir leis na haonaid a géilleadh in 2015.

Faoi Alt 8 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, i ndiaidh comhairliúcháin leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoracha nó treoirlínte a thabhairt don Gníomhaireacht maidir le feidhmíocht na bhfeidhmeanna a tarmligteadh nó a tugadh di faoin Acht.

13. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais an 24 Bealtaine 2016.